- Is féidir leis an gcompántas a léiriú gurb iad cur chun cinn na Gaeilge agus soláthar deiseanna úsáide Gaeilge príomhaidhmeanna na ngnéithe den tionscadal a bhfuil an deontas á lorg ina leith.
- Is féidir leis an gcompántas a léiriú go bhfuil gá leis an tionscadal agus go bhfuil luach ar airgead ar fáil ag Foras na Gaeilge, agus go bhfuil stráitéis feabhsúcháin ag an gcompántas maidir le líon na ndaoine a bheidh rannpháirteach, idir bhaill an chompantáis, lucht léirithe agus lucht freastail.

Féadfaidh Foras na Gaeilge cur leis na critéir cháilitheacha seo.

Má tá aon cheist agat faoi ghné ar bith de na critéir cháilitheacha, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Foras na Gaeilge roimh an spriocdháta.

**Cad é mar a mheasfar na hiarratais?**

Úsáideann Foras na Gaeilge critéir mheasúnaithe le hiarratais a mheasúnú. Tá critéir mheasúnaithe na scéime leagtha amach thíos. Measfaimid agus scórálfaimid iarratais de réir na gcritéar seo.

a) Tá ábhar na ndrámaí, líon an lucht freastail, líon na léirithe agus ionaid na léirithe, samhlaíocht agus nuálaíocht chlár oibre an chompántais chun sástacht Fhoras na Gaeilge.

b) Tá caighdeáin arda ealaíonta bainte amach i scripteanna, in aisteoireacht agus i léirithe.

c) Cuirtear le rannpháirtíocht agus cruthaitheacht sa Ghaeilge trí mheán na n-ealaíon.

d) Tá ábhar bolscaireachta an chompántais i nGaeilge nó iomlán dátheangach, le tús áite ag an nGaeilge, chun sástacht Fhoras na Gaeilge.

e) Tá cumas bainistíochta agus riaracháin ag an gcompántas, ina gcuirfear taithí agus saineolas an chompántais san áireamh.

f) Tá eolas curtha ar fáil ag an gcompántas maidir le maoiniú nó tacaíocht eile, e.g. urraíocht, maoiniú comhchineáil agus teacht isteach measta.

g) Tá luach ar airgead ann maidir le líon na ndaoine a bheidh rannpháirteach, idir bhaill an chompántais, lucht léirithe agus lucht freastail.

